



ÚDARÁS UCHTÁLA NA HÉIREANN

OIBRITHE SÓISIALTA ATÁ CÁILITHE GO GAIRMIÚIL AG TEASTÁIL

Is é Údarás Uchtála na hÉireann an comhlacht rialála maidir le huchtáil in Éirinn. Is mian leis an Údarás trí phost a líonadh ag leibhéal an Oibrí Shóisialta atá Cáilithe go Gairmiúil. Tá na poist seo lonnaithe faoi láthair in oifig an Údaráis i nDroichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4.

Fostaíonn an tÚdarás Uchtála oibrithe sóisialta chun feidhmeanna rialála agus taighde a chomhlíonadh, mar a leagtar amach in Acht Uchtála 2010 maidir le huchtálacha baile agus uchtálacha idir tíortha. I measc na bhfeidhmeanna reatha i leith an Chláir Náisiúnta Uchtála um Rogha Teagmhála, áirítear rianú, cuardach agus athaontú i gcásanna neamhghníomhaireachta agus i gcásanna príobháideacha; faisnéis agus comhairleoireacht a thabhairt agus idirghabháil a dhéanamh i gcás páirtithe a mheitseáiltear tríd an gClár Náisiúnta Uchtála um Rogha Teagmhála.

Seo cuid de na dualgais agus freagrachtaí a bhaineann leis na poist seo:

- oibriú mar chuid d'fhoireann ghairmiúil agus i gcúinsí ildisciplíneacha chun cuspóirí na heagraíochta a chur ar aghaidh;
- oibriú laistigh den reachtaíocht reatha, de na polasaithe agus nósanna imeachta, treoirlínte agus prótacail cuí arna leagan síos ag an Údarás;
- riar cásanna a bhaineann leis an bpost a bhainistiú agus a chur in ord tosaíochta;
- idirghabháil agus comhairleoireacht a chur ar fáil maidir le rianú agus meitseáil, de réir mar is gá agus i leith an Chláir Náisiúnta Uchtála um Rogha Teagmhála;
- eolas agus comhairle a chur ar fáil ar an teileafón agus tríd an ríomhphost;
- comhairleoireacht agus eolas a chur ar fáil ar an teileafón tríd an tseirbhís Duty Call;
- maoirseacht a dhéanamh ar ghnéithe rialaithe cáilíochta d'iarratais ar eolas a scaoileadh;
- nósanna imeachta a chomhtháthú i ndoiciméid chleachtas arna n-úsáid ag soláthróirí seirbhíse;
- a bheith tiomanta d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach, a bheith rannpháirteach go gníomhach i dtionscnaimh forbartha foirne agus bainistithe athruithe.

Áirítear i measc na riachtanas a bhaineann le post an Oibrí Shóisialta atá Cáilithe go Gairmiúil:

- fianaise ar cháilíocht ghairmiúil oibrí sóisialta agus ar chlárúchán le CORU;
- taithí chruthaithe maidir le seirbhísí uchtála, seirbhísí leanaí agus teaghlaigh agus seirbhísí sóisialta comhchosúla a chur ar fáil;
- taithí ar chuardach, rianú, comhairleoireacht, idirghabháil agus athaontú;
- tiomantas d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach agus dá cur chun cinn;
- taithí ar sheirbhís a chur ar fáil mar chuid de sheirbhísí uchtála nó cosanta leanaí i gcúinsí solúbtha foirne;
- sásta scileanna TE a bhaineann leis an ról a fhorbairt agus sin a léiriú agus a dhéanamh.

Ceaptar an sainchuntas poist seo mar threoir ghinearálta ar an réimse dualgas agus ní sainchuntas cinntitheach ná sriantach é. Forchoimeádann an tÚdarás Uchtála an ceart chun baill foirne a shannadh laistigh den Údarás, de réir mar is cuí agus is gá.

Tá fleisc-am i bhfeidhm ag an Údarás.

Chun tuilleadh eolais a fháil agus chun foirm iarratais a íoslódáil, téigh chuig mír an Nuachta ar shuíomh Gréasáin an Údaráis ar www.aai.gov.ie. Dáta deiridh **12 méan lae Déardaoin 12 Márta 2020**.